



## Oifigeach Forbartha Óige:

### 2 Phost lán-aimseartha ar feadh 3 mhí

- Dualgais:** Óg-Chlubanna Gaeilge a bhunú agus a fhorbairt  
Imeachtaí réigiúnda & náisiúnta a eagrú  
Cúrsaí oiliúna do cheannairí a eagrú & a reachtáil  
Cláracha óige a sholáthar  
Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do  
na ceannairí/coistí & baill  
Obair Riaracháin.
- Cáilíochtaí:** Cailíocht 3ú leibhéal nó a choibhéasach
- Riachtanach:** Ard-Chaighdeán Gaeilge idir labhartha agus scríofa  
Taithí & Tuiscint ar obair óige  
Ard-scileanna cumarsáide & idirphearsanta  
Ábalta obair as a stuaim féin  
Scileanna maithe ríomhaireachta  
Ceadúnas glan tiomána agus teacht ar charr  
Taithí ar chúrsaí poiblíochta & margaíochta
- Lonnaithe:** Baile Átha Cliath agus Gaillimh
- Maoinitheoir:** An Roinn Leanaí, Comhionannas, Míchumais,  
Lán-Pháirtíochta agus Óige
- Tuarastal:** €32,500 pro rata  
Post Lán-aimseartha ar feadh trí mhí (féidreacht  
conradh 6 mhí eile ag brath ar mhaoiniú)

**Laethanta Saoire:** 21 lá pro rata.

**Seol litir iarratais chomh maith le C.V. chuig**

Stiúrthóir, Ógras, 6 Sráid Fearchair, B.Á.C. 2

Teil: 086 6018520 [maedhbh@ogras.ie](mailto:maedhbh@ogras.ie)

Roimh an **Chéadaoin 6 Deireadh Fómhair 2021**

## **Cúlra**

Bunaíodh Ógras chun seirbhís óige a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Tugann Ógras cúnamh agus tacaíocht le clubanna óige a bhunú agus a bhuanú timpeall na tíre, chomh maith le traenáil a chur ar fáil i réimse leathan ábhar.

## **Misean**

- An Ghaeilge agus an cultúr agus oidhreacht Ghaelach a chur chun cinn i measc daoine óga trí spásanna agus deiseanna a thabhairt do dhaoine le bheith ar a suaimhneas agus an Ghaeilge á húsaid acu mar chuid de phobal na Gaeilge atá ag dul i méid.
- Timpeallachtaí sábhailte a chruthú ar bhealach atá spráúil, nua-aoiseach agus comhaimseartha, a spreagann agus a chuireann ar chumas daoine óga taitneamh a bhaint as a bheith ag úsáid na Gaeilge.
- Clár oibre don aos óg atá spleodrach, éagsúil agus pleanáilte a chur ar fáil trí Ghaeilge a spreagann macnamh cruthaitheach, neartú muiníne agus forbairt shóisilata trí ghníomhaíochtaí spráúla, spóirt agus fóillíochta.

## **Príomhfheidhm an phost:**

Beidh na hOifigeach Forbartha fostaithe chun tacaíocht a chur ar fáil le clubanna óige trí Ghaeilge a ath-thosnú agus a fhorbairt agus le tacú le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga phobail i measc an óige.

## **Aidhmeanna**

1. Cur le soláthar seirbhíse óige
2. Forbairt a dhéanamh ar chaighdeán & éagsúlacht an tsoláthar óige atá ann cheana féin;
3. Imeachtaí réigiúnach & naisiúnta a eagrú agus a bhuanú;
4. Traenáil agus Oiliúint a chur ar cheannairí óige;
5. Tacaíocht agus Comhairle a thabhairt do cheannairí na gclubanna

## **Spriocanna**

Beidh na spriocanna seo a leanas mar chuid den phost:

1. Teagmháil a dhéanamh le clubanna a bhí ag feidhmiú sa cheantar an bhliain seo caite agus tacaíochta chur ar fáil do na ceannairí deonacha
2. Ceannairí nua a earcú nuair is gá
3. Traenáil agus Oiliúint cuí a sholáthar;
4. Imeachtaí réigiúnda agus naisiúnta a eagrú;
5. Ceardlanna a eagrú sna clubanna
6. Sonraí teagmhála na gclubanna a choinneáil suas chun dáta
7. Freastal ar chruinnithe thar cheann an eagraíocht
8. Cabhrú gníomhaíochtaí bainte leis an Tionscnamh Ceartas Aeráide a chur ar siúl sna clubanna

## Sonraíocht Phearsanta

Tiomáint/lompar

- **Ceadúnas tiomána reatha agus úsáid cairr**

Scileanna

- Scileanna cruthaithe cumarsáide idir labhairt agus scríobh i nGaeilge agus i mBéarla – cur i láthair san áireamh;
- Scileanna idirphearsanta agus cumasaithe coistí;
- Ardscileanna ríomhaireachta

Pearsanacht

- Scileanna idirbheartaíochta;
- Scileanna comhréitigh;
- Bheith in inmhe glacadh le treoir agus comhairle a leanúint agus a chur i gcrích;
- Bheith féinspreagtha & ábalta obair as a stuaim féin

Taithí

- Taithí ar bheith ag obair le daoine óga ;
- Taithí ar chúrsaí oiliúna a chur ar fáil;
- Taithí ar bhunú grúpaí/coistí nó ar bheith ag plé leo;
- Taithí ar oideachas neamh-fhoirmeálta

Eolas

- Eolas ar Ógras agus ar an earnáil óige;
- Eolas agus tuiscint ar riachtanaisí daoine óga
- Eolas ar fheidhmiú coistí.

Cáilíochtaí

- Cáilíocht sa Ghaeilge;
- Cáilíocht 3ú leibhéal in obair óige nó obair pobail nó i réimse gaolmhara nó a chomhionann taithí



An Roinn Leanaí, Comhionannais,  
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige  
Department of Children, Equality,  
Disability, Integration and Youth

